Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**11157/23**

**ECOFIN 681**
**UEM 215**
**SOC 506**
**EMPL 357**
**COMPET 701**
**ENV 780**
**EDUC 293**
**RECH 325**
**ENER 416**
**JAI 928**
**GENDER 157**
**ANTIDISCRIM 151**
**JEUN 195**
**SAN 432**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9851/1/23 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 625 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta na Slóvaice um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Slóvaice 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, mar a pléadh sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach é, bunaithe ar Mholadh COM(2023) 625 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta na Slóvaice um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Slóvaice 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

---

1 IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
2 IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an an tSaoráid, soláthraítear tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus í mar spreagadh fioscach arna mhaoiniú ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, leis an tSaoráid, rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe agus a spreagann fás, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

---

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh, inar sainaithníodh go bhfuil an tSlóvaic ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Slóvaice 2023. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] ('Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro') an 16 Bealtaine 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 13 Márta 2023.

(3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha araon, agus sa mheántéarma ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, ar thacaíocht a thabhairt d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach, ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus ar an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.

---

4 Moladh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 180, 23.5.2023, lch. 1).

(4) An 1 Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach' ('Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais'). Is é is aidhm do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é ar na hiarrachtaí leanúnacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm dó freisin timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhar a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain níos tapúla ar mhaoiniú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha. An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht eile dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisíonn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Socraítear leis tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, bearta infheistíochta dea-dhírithe agus rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

(5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar mór díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin freisin ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

[5] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(7) An 8 Márta 2023, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach 2024 ('teachtaireacht an 8 Márta 2023'). Is é is aidhm di tacú le hullmhú chláir na mBallstáit um chobhsaíocht agus um chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D'éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d'áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma agus a mhéadódh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe agus iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gcláir um chobhsaíocht agus um chóineasú 2023 conas a áiritheoidh a bpleananna fioscacha go n-urramófar luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus go n-áiritheofar laghdú inchreidte leanúnach an fhiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántéarma. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freisin deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta arna dtabhairt isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh. Thug sé le fios, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh phraghas an fhuinnimh de, gur cheart do na Ballstáit na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar bhealach níos fearr. Luaigh an Coimisiún go ndéanfaí na moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil. Thairis sin, mar a mholtar sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, go ndéanfaí na moltaí fioscacha sin a fhoirmliú ar bhonn an ghlanchaiteachais phríomhúil. Mhol sé do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na hinfheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfaidh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, le nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

(8) An 26 Aibreán 2023, thíolaic an Coimisiún tograí reachtacha chun athchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí sin inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíocht. Sna tograí uaidh, díríonn an Coimisiún ar an úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ar an gcreat a shimpliú agus gluaiseacht i dtreo fócas níos meántéarmaí, in éineacht le forfheidhmiú éifeachtach agus níos comhleanúnaí. De réir na gConclúidí ón gComhairle a glacadh an 14 Márta 2023 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, is é an cuspóir atá ann an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.

(9) An 29 Aibreán 2021 chuir an tSlóvaic a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice[6]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh á rá go bhfuil an tSlóvaic tar éis na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chomhlíonadh go sásúil. Tuigtear gurb é atá i gceist le comhlíonadh sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.
An 26 Aibreán 2023, chuir an tSlóvaic plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241. Sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe cuirtear an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe san áireamh freisin i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241, agus áirítear ann iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é gur mheas an tSlóvaic nach bhféadfadh sí cuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach mar gheall ar imthosca oibiachtúla.

[6] 10156/2021 INIT; 10156/2021 ADD 1; 10156/2021 COR 1.

(10) An 27 Aibreán 2023, thíolaic an tSlóvaic a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 agus, an 27 Aibreán 2023, thíolaic sí a Clár Cobhsaíochta 2023, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Chun na naisc atá eatarthu a chur san áireamh, rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 ar thuairisciú leathbhliantúil na Slóvaice maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(11) An 24 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 don tSlóvaic. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Slóvaice ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann maidir leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Leis an tuarascáil, rinneadh measúnú freisin ar dhul chun cinn na Slóvaice ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(12) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an tSlóvaic agus d'fhoilsigh sé a thorthaí an 24 Bealtaine 2023. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa tSlóvaic. Go háirithe, tá méadú ag teacht ar leochaileachtaí a bhaineann le hiomaíochas, tithíocht, fiachas teaghlaigh agus cothromaíocht sheachtrach, ach ar an iomlán is cosúil go bhfuil siad faoi smacht go dtí go luath amach anseo agus tá coinne leis go laghdófar iad de réir mar a ndéanfar na dálaí eacnamaíocha a normalú. Bhí tionchar mór ag suaitheadh praghsanna fuinnimh ar an ngeilleagar agus tháinig méadú tapa ar an mboilsciú. Tá an croí-bhoilsciú agus an fás ar chostais aonaid saothair i bhfad os cionn mheán an limistéir euro. Cé go bhfuil sé tuartha go ndéanfar iad a normalú, tá an baol ann go mbeidh moill ann sula dtiocfaidh laghdú ar an mbrú ar iomaíochas costais, agus go mbeidh brú á chur go fóill ar chuntais sheachtracha ón éileamh láidir intíre. Tháinig meath suntasach ar an gcuntas reatha in 2022 mar gheall ar phraghsanna allmhairiúcháin fuinnimh níos airde chomh maith le titim shuntasach i nglan-onnmhairí earraí neamhfhuinnimh. Tuartar go dtiocfaidh feabhas éadrom ar an easnamh sa chuntas reatha ach go bhfanfaidh sé mór in 2023 agus 2024, in ainneoin na praghsanna fuinnimh a bheith ag titim. Mar sin féin, meastar go bhfuil rioscaí inbhuanaitheachta seachtracha teoranta sa ghearrthéarma. Tuartar go mbeidh easnaimh rialtais suntasach i mbliana agus ina dhiaidh sin agus go mbeidh siad ceartaithe ó 2024 ar aghaidh. Is cosúil go bhfuil praghsanna tithe róluacháilte tar éis roinnt blianta d'fhás nach beag. Tharla sé sin taobh le hardiasachtaíocht a bhfuil ag dul i laghad anois, agus méadú mór ar fhiachas teaghlaigh, gnéithe a chruthaíonn riosca éigin do chobhsaíocht airgeadais in éineacht lena chéile. Mar sin féin, tá earnáil na baincéireachta fós dea-chaipitlithe, an-bhrabúsach agus ag taifeadadh ráta íseal iasachtaí neamhthuillmheacha. Tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun dul i ngleic le leochaileachtaí eacnamaíocha na Slóvaice. Go háirithe, ba cheart an ró-éileamh a srianadh chun tacú le ceartú an easnaimh sa chuntas reatha agus ceartú an difreálaigh croí-bhoilscithe vis-à-vis an chuid eile den limistéar euro. Is féidir é sin a bhaint amach trí chomhdhlúthú fioscach leordhóthanach agus bearta chun aghaidh a thabhairt ar fhiachas teaghlaigh a áirithiú, agus inacmhainneacht tithíochta a choinneáil an tráth céanna trí chánachas maoine agus trí bhearta lena dtacaítear leis an soláthar tithíochta.

(13) De réir na sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh ginearálta rialtas na Slóvaice ó 5.4 % de OTI in 2021 go 2.0 % in 2022, agus thit an t-ollfhiachas rialtais ó 61.0 % de OTI ag deireadh 2021 go 57.8 % ag deireadh 2022. An 24 Bealtaine 2023, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Rinneadh plé sa tuarascáil sin ar staid bhuiséadach na Slóvaice, ós rud é go bhfuil sé beartaithe go sáróidh easnamh ginearálta an rialtais 3 % de OTI in 2023. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh an critéar easnaimh. I gcomhréir leis an teachtaireacht an 8 Márta 2023, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua um easnamh iomarcach a thionscnamh in earrach na bliana 2023. Dá réir sin, dhearbhaigh an Coimisiún go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach bunaithe ar easnamh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023. Ba cheart don tSlóvaic é sin a chur san áireamh i gcur chun feidhme bhuiséad 2023 agus nuair atá a dréachtphlean buiséadach do 2024 á ullmhú aici.

(14) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, is bearta iad a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. In 2022, áiríodh, ar na bearta beartais fhioscaigh sin lena méadaítear caiteachas, sochair do na teaghlaigh is neamhchosanta ar bhoilsciú ard, méadú aonuaire ar an liúntas leanaí, íocaíocht aonuaire den '14ú pinsean', bónas aonuaire a íocadh le gach fostaí san earnáil phoiblí, agus praghsanna leictreachais agus gáis caidhpeáilte do chuideachtaí neamhrialáilte. Rinneadh costas na mbeart sin a fhritháireamh go páirteach le cánacha nua ar bhrabúis amhantair na dtáirgeoirí agus na soláthróirí fuinnimh, is é sin an ranníocaíocht dlúthpháirtíochta arna soláthar i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle[7]. Measann an Coimisiún gurb é an glanchostas buiséadach a bhain leis na bearta sin in 2022 0.2 % de OTI. Ina theannta sin, an costas buiséadach a bhain le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin, costas a meastar a bheith ina 0.1 % de OTI in 2022, sin rud eile a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. An tráth céanna, an costas a mheastar a bhaineann le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, chuaigh an costas sin i laghad ionas gur 0.8 % de OTI a bhí ann in 2022, le hais 3.2 % in 2021.

(15) An 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle go gcoinneodh an tSlóvaic[8] staid fhioscach thacúil ar bun in 2022 lena n-áirítear an spreagadh a cuireadh ar fáil leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus go gcaomhnódh sí infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta.

---

[7] Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh (IO L 261I, 7.10.2022, lch. 1).

[8] Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2021 na Slóvaice, (IO C 304, 29.7.2021, lch. 121).

(16) De réir mheastacháin an Choimisiúin, an staid fhioscach[9] a bhí ann in 2022, bhí sí crapthach, agus 1.3 % de OTI i gceist, méid a bhí iomchuí ó tharla boilsciú ard a bheith ann. Mar a mhol an Chomhairle, lean an tSlóvaic de thacaíocht a thabhairt don téarnamh trí infheistíochtaí atá le maoiniú tríd an tSaoráid. 1.2 % de OTI a bhí ann in 2022 le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais (1.3 % de OTI a bhí ann in 2021). An laghdú ar chaiteachas arna mhaoiniú le deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais in 2022, tharla an laghdú sin mar gheall ar ionsú íseal chistí struchtúracha an Aontais agus mar gheall ar an gcaiteachais réadaithe ó dheontais faoin tSaoráid a bheith curtha siar. Trí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, soláthraíodh ranníocaíocht fhorleathnaitheach dar luach 0,2 pointe céatadáin leis an staid fhioscach[10]. Dá bhrí sin, chaomhnaigh an tSlóvaic infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, mar a mhol an Chomhairle. An tráth céanna, leis an méadú ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) soláthraíodh ranníocaíocht chrapthach de 1.3 pointe céatadáin don staid fhioscach. Dá bhrí sin, bhí smacht leordhóthanach ag an tSlóvaic ar an méadú ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta.

---

9 Is é rud a bhíonn i gceist le tomhas na staide fioscaí an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim), gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh, ach lena n-áirítear caiteachas a mhaoinítear trí thacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas le hacmhainneacht fáis mheántéarmaigh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Bosca 1 sna Táblaí Staidrimh Fhioscaigh.

10 Le caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta soláthraíodh ranníocaíocht chrapthach de 0,1 pointe céatadáin de OTI.

(17) An cás maicreacnamaíoch atá ina bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár Cobhsaíochta 2023, is cás é atá i gcomhréir le réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún le haghaidh 2023 agus ina dhiaidh sin. Tá sé tuartha ag an rialtas go dtiocfaidh méadú 1.3 % ar an bhfíor-OTI in 2023, agus go dtiocfaidh méadú 1.8 % air in 2024. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go dtiocfaidh méadú níos airde, 1.7 %, ar an bhfíor-OTI in 2023 agus go dtiocfaidh méadú 2.1 % air in 2024, go príomha mar gheall ar théarnamh níos tapúla ná mar a bhí coinne leis ar onnmhairí ós rud é go bhfuil coinne leis go dtiocfaidh deireadh le scrogaill sa slabhra soláthair agus go dtiocfaidh feabhas ar ionchas eacnamaíoch phríomhcheann scríbe onnmhairiúcháin na Slóvaice.

(18) I gClár Cobhsaíochta an rialtais 2023, meastar go dtiocfaidh méadú ar easnamh ginearálta an rialtais go 6.3 % de OTI in 2023. An méadú in 2023, is léiriú é go príomha ar na bearta a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, chomh maith le bearta eile amhail an bónas cánach agus liúntais leanaí a mhéadú, agus bónas tuismitheora a thabhairt isteach. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, síltear go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI ionas gur 57.8 % a bheidh ann ag deireadh 2022, agus gur 58.7 % a bheidh ann ag deireadh 2023. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún tuartar go mbeidh easnamh rialtais 6.1 % de OTI ann don bhliain 2023. Tá sé sin ag teacht leis an easnamh a thuartar i gClár Cobhsaíochta 2023. An cóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI a thuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tá sé mórán ar an leibhéal céanna – tuartar gur 58.3 % a bheidh ann ag deireadh 2023.

(19) Na bearta fioscacha a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go leanfaidh siad de thionchar a imirt ar chomhardú ginearálta an rialtais in 2023. Is é atá iontu bearta ar cuireadh síneadh leo ó 2022, go háirithe caidhp ar phraghsanna leictreachais agus gáis do chuideachtaí neamhrialáilte, agus bearta nua mar shampla caidhp ar phraghsanna leictreachais, gáis agus soláthairtí téimh do theaghlaigh agus do chuideachtaí (beaga) rialáilte. Déantar costas na mbeart sin a fhritháireamh go páirteach le cánacha ar bhrabúis amhantair na soláthraithe fuinnimh, is é sin an ranníocaíocht dlúthpháirtíochta a bhaineann le Rialachán (AE) 2022/1854, an tobhach speisialta do chuideachtaí tógála um bainistiú uisce, agus an chaidhp ar ioncam do tháirgeoirí leictreachais a bhfuil brabúis iomarcacha acu. Agus an t-ioncam sin á chur san áireamh, tuartar glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún ag 2.0 % de OTI in 2023[11]. De réir dealraimh, níl formhór na mbeart in 2023 dírithe ar na teaghlaigh ná ar na gnólachtaí is leochailí, ná ní chaomhnaíonn siad an comhartha praghais go hiomlán chun an t-éileamh fuinnimh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar thoradh air sin, níl aon bheart tacaíochta spriocdhírithe le cur san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh an mholta ón gComhairle an 12 Iúil 2022[12] (i gcomparáid le 0.2 % de OTI in 2022). Tuartar go dtiocfaidh laghdú 0,1 pointe céatadáin de OTI ar chostas buiséadach na cosanta sealadaí do dhaoine easáitithe ón Úcráin, i gcomparáid le 2022. Ar deireadh, deireadh a bheith á chur de réir a chéile le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, a measadh gurb ionann iad agus 0.8 % de OTI, meastar gur rud é sin a rachaidh chun sochair do chomhardú ginearálta an rialtais in 2023.

---

[11] Is éard atá sa figiúir leibhéal chostais bhuiséadacha bhliantúla na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le bearta caiteachais chaipitil.

[12] Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na Slóvaice um Athchóiriú 2022 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Slóvaice 2022 (IO C 334, 1.9.2022, lch. 205).

(20) Sa Mholadh uaithi an 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an tSlóvaic gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh fás an chaiteachais reatha phríomha arna mhaoiniú go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais in 2023[13], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach is leochailí agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine ar a dteitheadh ón Úcráin. An tráth céanna, ba cheart don tSlóvaic a bheith ar tinneall chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don tSlóvaic freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais.

[13] Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar gur 12.0 %, i dtéarmaí ainmniúla, atá i gceist le fás aschuir féideartha meántéarmach na Slóivéine (meán 10 mbliana), céatadán a úsáidtear chun an staid fhioscach a thomhas.

(21) In 2023, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh an staid fhioscach forleathnaitheach tríd is tríd (-6.2 % de OTI), tráth a bhfuil boilsciú ard i gceist. Tagann sé sin i ndiaidh staid fhioscach chrapthach a bheith ann in 2022 (1.3 % de OTI). An fás ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, táthar ag tuar go soláthróidh sé ranníocaíocht fhorleathnaitheach dar luach 4.4 % de OTI leis an staid fhioscach. Áirítear leis sin costas na mbeart tacaíochta spriocdhírithe le haghaidh na dteaghlach is leochailí agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh, costas ar ar tháinig méadú 0.2 % de OTI. San áireamh ann freisin tá costas níos ísle a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (costais ar ar tháinig méadú 0.1 % de OTI). Dá bhrí sin, ní hí an tacaíocht spriocdhírithe a thugtar do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí ó thaobh ardú praghsanna fuinnimh ná do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin is cúis le ranníocaíocht fhorleathnaitheach an ghlanchaiteachais phríomha reatha a mhaoinítear go náisiúnta. Bearta fuinnimh neamhspriocdhírithe, méaduithe pá buana do ghairmithe cúraim sláinte, agus laghdú ar rátaí cánach breisluacha (CBL) ar na hearnálacha bia agus fóillíochta is cúis leis an bhfás forleathnaitheach ar chaiteachas príomhúil reatha a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim). Mar achoimre, an fás a thuartar a thiocfaidh ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta, níl sé i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Meastar gur 2.8 % de OTI a bheidh i gceist leis an gcaiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais in 2023, agus meastar go soláthróidh infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta ranníocaíocht fhorleathnaitheach 0.1 pointe céatadáin leis an staid fhioscach[14]. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an tSlóvaic infheistíocht bhreise a mhaoiniú tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais, agus táthar ag tuar go ndéanfaidh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú[15]. Tá sé beartaithe aici infheistíocht phoiblí a mhaoiniú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, mar shampla an Straitéis Náisiúnta um Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht, arb é is aidhm di solúbthacht a mhéadú agus an t-am a bhaineann le seirbhísí a cheannach a ghiorrú agus raon níos leithne soláthróirí a bheith i gceist, lena n-áirítear cuideachtaí beaga agus meánmhéide.

[14] Leis an gcaiteachas caipitil eile a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go soláthrófar ranníocaíocht fhorleathnaitheach 0.1 pointe céatadáin de OTI.

[15] Ba é 0.0 % de OTI an caiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus ag cistí eile ón Aontas in 2023, agus thug infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta ranníocaíocht fhorleathnaitheach de 1.3 pointe céatadáin don staid fhioscach. Leis an gcaiteachas caipitil eile a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go soláthrófar ranníocaíocht fhorleathnaitheach 0.1 pointe céatadáin de OTI.

(22) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú ar easnamh ginearálta an rialtais go 4.7 % de OTI in 2024. Léirítear sa laghdú in 2024 an deireadh a cuireadh de réir a chéile leis na bearta a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh méadú go 59.3 % ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ag deireadh 2024. Ar bhonn na mbeart beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún easnamh rialtais 4.8 % de OTI in 2024. Tá sé sin ag teacht leis an easnamh a thuartar i gClár Cobhsaíochta 2023. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ar aon dul le 58.7 % ag deireadh 2024.

(23) Beartaítear le Clár Cobhsaíochta 2023 deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh ar fad in 2024. Glacann an Coimisiún leis freisin go gcuirfear deireadh go hiomlán de réir a chéile le bearta tacaíochta fuinnimh in 2024. Tá sé sin bunaithe ar an toimhde nach dtiocfaidh aon mhéadú an athuair ar phraghsanna fuinnimh.

(24) Éilítear le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 go ndéanfaí feabhas bliantúil ar chomhardú struchtúrach an bhuiséid i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, ina mbeadh 0.5 % de OTI mar thagarmharc[16]. Agus aird á tabhairt ar bhreithnithe inbhuanaitheachta fioscaí agus ar an ngá atá leis an easnamh a laghdú faoi bhun 3 % de luach tagartha an Chonartha maidir le OTI, bheadh sé iomchuí feabhas de 0.7 % de OTI ar a laghad do 2024 a chur ar an gcomhardú struchtúrach, de réir an Choimisiúin. Chun an feabhas sin a áirithiú, agus i gcomhréir le modheolaíocht an Choimisiúin, níor cheart go rachadh an fás ar ghlanchaiteachas príomhúil[17] arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024 thar 5.7 %, mar a léirítear sa Mholadh seo. Cuideoidh sé sin freisin leis an gcroí-bhoilsciú a laghdú, ar chroí-bhoilsciú é atá go mór os cionn mheán an limistéir euro, agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le caillteanais iomaíochais dá mbeadh sé leanúnach, agus cuirfidh sé le neartú an tseasaimh sheachtraigh. An tráth céanna, ba cheart deireadh a chur leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá fágtha (a mheasann an Coimisiún faoi láthair ag 2 % de OTI in 2023 iad) de réir a chéile, má cheadaíonn forbairtí sa mhargadh fuinnimh é sin agus deireadh a chur ar dtús leis na bearta is lú a spriocdhíríodh, agus ba cheart an coigilteas gaolmhar a úsáid chun an t-easnamh rialtais a laghdú. De réir meastacháin ón gCoimisiún, bheadh fás ar ghlanchaiteachas príomhúil faoi bhun an uasráta fáis a moladh do 2024 mar thoradh air sin. Ina theannta sin, de réir réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, níl fás an chaiteachais phríomha reatha arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir le Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Dá ndeimhneofaí sin, bheadh fás níos ísle i nglanchaiteachas príomhúil in 2024 iomchuí.

---

16 Ceanglaítear le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 coigeartú is mó ná 0.5 % de OTI a dhéanamh i gcás Ballstát a bhfuil fiachas rialtais acu ar mó é ná 60 % de OTI, nó a bhfuil rioscaí níos suntasaí acu maidir le hinbhuanaitheacht fiachais.

17 Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan caiteachas úis agus caiteachas dífhostaíochta timthriallaí san áireamh.

(25) Ag glacadh leis nach dtiocfaidh aon athrú ar bheartais, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go dtiocfaidh méadú 2,5 % ar an nglanchaiteachas príomha a mhaoinítear go náisiúnta in 2024, ráta atá faoi bhun an ráta fáis a mholtar. Tá an coigeartú atá tuartha i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún níos lú ná an coigilteas ó dheireadh iomlán a bheith á chur le bearta tacaíochta fuinnimh, mar gheall ar bhearta caiteachais buana mar shampla pá níos airde d'fhostaithe poiblí, an pacáiste teaghlaigh lena n-áirítear bónas cánach agus liúntais leanaí mhéadaithe, chomh maith le bónas tuismitheora a thabhairt isteach faoin athchóiriú pinsin.

(26) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdóidh infheistíocht phoiblí ó 5.1 % de OTI in 2023 go 4.0 % in 2024. Is léiriú an infheistíocht níos ísle ar infheistíocht níos ísle arna maoiniú ag an Aontas, is é sin trí na cistí struchtúracha. Tagraíonn Clár Cobhsaíochta 2023 d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a mheastar a rannchuideoidh le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí agus le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach. Áirítear orthu sin athchóiriú a formheasadh le déanaí lena dtugtar isteach uasteorainneacha caiteachais agus athchóiriú pinsean, gnéithe atá mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta freisin.

(27) Leagtar amach i gClár Cobhsaíochta 2023 conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2026. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, tá sé tuartha i spriocanna an rialtais go sroichfidh an t-easnamh 3.2 % de OTI in 2025 agus 2.2 % de OTI in 2026. Tá coinne leis, dá bhrí sin, in 2026 go dtitfidh an t-easnamh rialtais faoi bhun 3 % de luach tagartha an Chonartha maidir le OTI.

(28) Feictear go bhféadfaí athchóiriú a dhéanamh ar chóras cánach na Slóvaice chun borradh a chur faoin éifeachtúlacht eacnamaíoch, chun inbhuanaitheacht chomhshaoil agus fhioscach a chur chun cinn agus chun cothroime a fheabhsú. Tá an t-ualach cánach saothair an-ard do dhaoine atá ag tuilleamh ioncaim íseal i gcomparáid le Ballstáit eile. I gcodarsnacht leis sin, ní bhaintear lánacmhainneacht as cánachas comhshaoil agus réadmhaoine. Dá n-athrófaí an meascán cánach, d'fhéadfaí tacú leis an bhfás agus d'fhéadfaí an t-aistriú glas agus an inbhuanaitheacht chomhshaoil a spreagadh freisin. In ainneoin déine ard fuinnimh an gheilleagair, b'ionann an t-ioncam ó chánacha comhshaoil agus 2.5 % in 2021, gar do mheán an Aontais. Le muirir chomhshaoil a bhaineann le bainistiú dramhaíola agus truailliú aeir, ní dhéantar úsáid éifeachtúil acmhainní a chur chun cinn go leordhóthanach agus ní laghdaítear costais don chomhshaol agus don tsochaí leo. Ní dhéantar cánacha agus muirir chomhshaoil a innéacsú, agus laghdaíonn sé sin an t-ioncam glas le himeacht ama. Ní léirítear déine astaíochtaí go leordhóthanach sna cánacha ar bhóithre agus sna táillí cláraithe feithiclí. Ar an iomlán, níl ach 0.58 % den ioncam cánach iomlán ó chánachas iompair (i gcomparáid leis an meán 1 % san Aontas). Maidir le cánachas réadmhaoine, bhí an t-ioncam ó chánacha athfhillteacha ar mhaoin sách íseal in 2021 (0.5 % de OTI i gcomparáid leis an meán 1.2 % san Aontas). Níl dóthain sonraí ag an tSlóvaic faoi láthair chun go mbeifí in ann an bonn cánach maoine a thabhairt cothrom le dáta agus a innéacsú i gcomhréir le luachanna margaidh, cé go bhféadfaí an t-éileamh láidir leanúnach ar thithíocht agus an fás láidir gaolmhar ar phraghsanna tithe a shrianadh i bpáirt leis an mbeart sin. Ina theannta sin, le hiarrachtaí breise maidir le cánacha a shimpliú agus comhlíonadh cánach a fheabhsú d'fhéadfaí an t-ioncam poiblí a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, tacú le hinbhuanaitheacht fhioscach agus feabhas a chur ar chothroime. In 2020, lean an bhearna comhlíonta cánach CBL sa tSlóvaic lena treocht anuas. Thit sé ó 15 % in 2019 go 13.9 % den ioncam réamh-mheasta iomlán CBL in 2020 ach tá sé fós os cionn an mheáin san Aontas (9.1 %). Le tuilleadh feabhsuithe ar an riarachán cánach, lena n-áirítear ríomhshonrascadh, tuairisceáin chánach réamhlíonta agus tuilleadh digitithe, d'fhéadfaí cabhrú leis na sceití sa chóras cánach a laghdú a thuilleadh.

(29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Go dtí seo, tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice faoi lánseol, ach tá roinnt dúshlán le sárú aici amach anseo. Chuir an tSlóvaic dhá iarraidh ar íocaíocht isteach a chomhfhreagraíonn do 30 ceann de gharspriocanna agus spriocanna sa phlean agus arb é an toradh a bhí uirthi gur eisíocadh thart ar EUR 1.11 milliún san iomlán Bhí an tSlóvaic i measc na mBallstát leis an dul chun cinn is tapúla i gcur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, ach i ngeall ar scrogaill acmhainní riaracháin, mar aon leis an ngá atá ann tús a chur leis an obair ar bhearta breise den chaibidil REPowerEU a chuir an tSlóvaic isteach an 26 Aibreán 2023 mar chuid dá hathbhreithniú ar an bplean, iarrtar go ndíreofaí ar an gcur chun feidhme a neartú. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Slóvaice i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean sin, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach agus éifeachtach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.

(30) D'fhormheas an Coimisiún doiciméid chlársceidealaithe uile na Slóvaice maidir leis an mbeartas comhtháthaithe in 2022. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur i gcrích, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin sa tSlóvaic.

(31) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus le cláir beartais comhtháthaithe, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an tSlóvaic a bhaineann le fuinnimh agus leis an aistriú glas.

(32) Le blianta beaga anuas, tá stop tagtha den chuid is mó leis an dul chun cinn atá déanta ag an tSlóvaic maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Tá an tír fós ina geilleagar atá dian ar fhuinneamh ó thaobh struchtúir de agus atá ag brath go mór ar allmhairí breoslaí iontaise. Bhí déine fuinnimh phríomhúil na Slóvaice cothrom le thart ar 80 % os cionn mheán an Aontais in 2020, agus tháinig méadú 13.5 % ar a tomhaltas deiridh fuinnimh idir 2015 agus 2021. Rinne an tSlóvaic roinnt dul chun cinn maidir le héagsúlú allmhairiúcháin fuinnimh in 2022, ach níor cuireadh bearta coigilte gáis chun feidhme go leordhóthanach. Tháinig laghdú 1 % ar thomhaltas gáis nádúrtha sa tSlóvaic[18] sa tréimhse idir mí Lúnasa 2022 agus mí an Mhárta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin, rud atá i bhfad faoi bhun an sprioclaghdaithe 15 % a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle[19]. Moltar don tSlóvaic feabhas a chur ar iarrachtaí chun an t-éileamh ar ghás a laghdú go sealadach go dtí an 31 Márta 2024 de bhun Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle[20]. Tá sciar na n-allmhairí gáis nádúrtha ón Rúis laghdaithe ó 85 % go dtí thart ar 50 % ó shamhradh 2022. Cé gur tháinig méadú nach beag ar an acmhainneacht atá ar fáil chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a nascadh leis an eangach sa tSlóvaic de bharr na n-athchóirithe a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, níor úsáideadh ach sciar beag den acmhainneacht shaor chun suiteálacha nua in-athnuaite a nascadh. Dá mbeifí níos gasta ag glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, chuideodh sé sin spleáchas na Slóvaice ar allmhairí breosla iontaise (lena n-áirítear ón Rúis) a laghdú agus d'ísleofaí baol na bochtaineachta fuinnimh tráth a bhfuil na praghsanna fuinnimh luaineach. B'ionann an acmhainn charnach suiteáilte d'fhuinneamh gréine agus gaoithe agus thart ar 7 % den acmhainn iomlán suiteáilte in 2022, an dara leibhéal is ísle san Aontas.

---

18 Tá na sonraí maidir leis an tSlóvaic á mbailíochtú faoi láthair ag Eurostat.

19 Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

20 Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle an 30 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/1369 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse laghdaithe éilimh i gcás bearta laghdaithe éilimh le haghaidh gáis agus cur chun feidhme an tuairiscithe agus an fhaireacháin ar na bearta sin a threisiú (IO L 93, 31.3.2023, lch. 1).

(33) D’achtaigh an tSlóvaic athchóirithe i réimse dhearadh an mhargaidh agus i réimse na tacaíochta d’fhoinsí in-athnuaite in 2022 mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, ach le bearta breise d’fhéadfaí foinsí in-athnuaite fuinnimh a leathadh amach níos tapúla, go háirithe maidir leis an ngaoth, leis an ngrian, leis an bhfuinneamh geoiteirmeach, leis an mbithmheatán agus leis an hidrigin. Áirítear ar na bearta sin nósanna imeachta ceadanna agus riaracháin a shimpliú, lena n-áirítear trí limistéir riaracháin ‘ionaid ilfhreastail’ agus ‘sprioclimistéir’ a bhunú le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh. Bhainfeadh an tSlóvaic tairbhe as na nósanna imeachta maidir le rochtain ar an eangach d’fhoinsí in-athnuaite a dhéanamh níos éifeachtúla, go háirithe tríd an gcóras áirithinte acmhainneachta a athchóiriú, tríd an nasc eangaí a dhéanamh níos éasca ó thaobh riaracháin de agus trí na táillí nasctha eangaí a athbhreithniú, i gcomhréir le tagarmharcanna agus dea-chleachtas an Aontais. Chun freastal ar an méadú atá ag teacht ar líon na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh eadrannacha, tá féidearthacht mhór ag an tSlóvaic a gréasáin leictreachais a nuachóiriú (maidir le tarchur agus dáileadh araon), saoráidí nua stórála leictreachais a thógáil agus an creat rialála le haghaidh hidrigin inathnuaite a chur chun cinn. Le tuilleadh dul chun cinn maidir le hearnálacha an fhuinnimh gheoiteirmigh agus an bhithmheatáin a fhorbairt d’fhéadfaí acmhainní ionadacha ar an ngás nádúrtha a chur ar fáil, a úsáidtear go forleathan mar fhoinse fuinnimh i gcórais téimh ceantair, réimse ina bhfuil cur chun feidhme foinsí teasa in-athnuaite fós tearcfhorbartha.

(34) Cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag an tSlóvaic maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe mar thoradh ar infheistíocht uaillmhianach faoin tSaoráid agus faoin gCiste Chomhtháthaithe, tá gá le tuilleadh iarrachta, go háirithe maidir le hathchóiriú domhain a dhéanamh ar fhoirgnimh neamhchónaithe phoiblí agus phríobháideacha, mar aon le bearta athchóirithe lena ndírítear ar bhochtaineacht fuinnimh agus ar theaghlaigh leochaileacha. Bhainfeadh an tSlóvaic tairbhe as aghaidh a thabhairt ar roinnt bacainní chun dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh agus tuilleadh infheistíochta príobháidí a mhealladh, is é sin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) scéimeanna athchóirithe a oiriúnú; (ii) cúnamh teicniúil a sholáthar; (iii) an cur chuige 'ionad ilfhreastail' a fhorbairt; (iv) sonraí ábhartha fuinnimh a bhailiú maidir le foirgnimh phoiblí chun cabhrú le tús áite a thabhairt don infheistíocht; agus (v) comhordú idir údaráis phoiblí éagsúla agus cláir chistiúcháin a fheabhsú. Tá gá le hiarracht bhreise chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh ó thaobh struchtúir de, go háirithe trí scéimeanna tiomnaithe athchóirithe tithíochta agus trí chúnamh teicniúil agus riaracháin lena léirítear riachtanais teaghlach leochaileach, mar aon le hathchóirithe agus infheistíocht i dtithíocht shóisialta. Beidh gá le huaillmhian bhreise maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus an fuinneamh in-athnuaite agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chun go mbeidh an tSlóvaic ag teacht le cuspóirí 'Oiriúnach do 55'.

(35) Mar gheall ar ghanntanais oibrithe agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú, a chur in úsáid agus a chothabháil, tá scrogaill á gcruthú san aistriú chuig geilleagar glan-nialasachta. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d'athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Chun leas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe le haghaidh daoine aonair agus sna hearnálacha agus sna réigiún is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. Tá ceann de na sciartha is airde fostaíochta ag an tSlóvaic sa mhonaraíocht mótarfheithiclí agus sa tionscal cruach san Aontas, earnálacha a bhfuil tionchar mór ag an aistriú glas orthu. An tráth céanna, in 2022, tuairiscíodh ganntanas lucht saothair maidir le 24 ghairm a éilíonn scileanna glasa, lena n-áirítear oibrithe inslithe, pluiméirí agus feisteoirí píopaí, chomh maith le leictreoirí tógála agus leictreoirí gaolmhara. Chuige sin, tá gá le luamháin bheartais éifeachtacha chun dlús a chur leis an aistriú glas thar raon leathan earnálacha, agus cothroime á háirithiú an tráth céanna.

(36) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, rinne an Chomhairle scrúdú ar Chlár Cobhsaíochta 2023[21] agus léirítear a tuairim i moladh (1).

[21] Faoi Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

(37) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun (i) inbhuanaitheacht fiachais a chaomhnú agus staonadh ó thacaíocht leathan a thabhairt don éileamh comhiomlán in 2023, spriocdhíriú níos fearr a dhéanamh maidir leis na bearta fioscacha arna nglacadh chun tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh a mhaolú, agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí iomchuí chun an tacaíocht a laghdú de réir mar a laghdaíonn an brú ó thaobh praghsanna fuinnimh de; (ii) leibhéal ard infheistíochta poiblí a choinneáil ar bun agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach; (iii) tacú le forbairtí pá a mhaolaíonn an caillteanas ó thaobh cumhacht ceannaigh de agus srian a chur ag an am céanna le héifeachtaí indíreacha ar an mboilsciú, sin agus tuilleadh feabhais a chur ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair mar aon le dul i ngleic le ganntanais scileanna; (iv) feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus a áirithiú go bhfuil an tacaíocht fuinnimh a thugtar do chuideachtaí costéifeachtúil, sealadach, agus spriocdhírithe ar ghnólachtaí inmharthana, agus go bhfuil dreasachtaí le haghaidh an aistrithe ghlais ag baint léi i gcónaí; agus (v) cobhsaíocht mhacrairgeadais a chaomhnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí, agus leanúint ag an am céanna den obair chun an t-aontas baincéireachta a chur i gcrích. I gcás na Slóvaice, rannchuidíonn moltaí (1), (2) agus (3) le cur chun feidhme an chéad, an dara agus an cúigiú moladh a leagtar amach i Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro,

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an tSlóvaic in 2023 agus 2024 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Deireadh a chur leis an bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm, agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, a áirithiú go ndírítear na bearta tacaíochta sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh.

   Beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 5.7 %[22] a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024.

   Infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú.

   Maidir leis an tréimhse tar éis 2024, leanúint de straitéis fhioscach mheántéarmach a shaothrú maidir le comhdhlúthú inbhuanaithe de réir a chéile, in éineacht le hinfheistíochtaí agus athchóirithe a chuideoidh le fás inbhuanaithe níos airde, chun staid fhioscach mheántéarmach stuama a bhaint amach.

   An meascán cánach a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos tacúla i leith fás cuimsitheach inbhuanaithe, lena n-áirítear trí acmhainneacht an chánachais chomhshaoil agus mhaoine a ghiaráil. Leanúint de chomhlíonadh cánach a neartú, lena n-áirítear trí riarachán cánach a dhigitiú tuilleadh.

   Na rioscaí a bhaineann le fiachas teaghlaigh a laghdú trí thacú le soláthar tithíochta agus le leathnú an mhargaidh chíosa.

---

22 Meastar go gcomhfhreagraíonn sé sin d'fheabhas bliantúil de 0.7 % de OTI ar a laghad ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh do 2024, mar a thuairiscítear in aithris 24.

2. An móiminteam a choinneáil ag imeacht maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go seasta agus, tar éis an aguisín a tíolacadh le déanaí, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, tús a chur go tapa le cur chun feidhme na mbeart gaolmhar. Leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme tapa clár beartais comhtháthaithe, i ndlúthchomhlántacht agus i sineirgíocht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

3. Spleáchas an gheilleagair ar bhreoslaí iontaise a laghdú, go háirithe gás nádúrtha sa tionscal agus sa téamh, agus allmhairí breoslaí iontaise a éagsúlú. Dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, go háirithe le haghaidh foinsí gaoithe, gréine, geoiteirmeacha agus gáis inathnuaite, i gcomhréir leis na critéir inbhuanaitheachta ábhartha. Nósanna imeachta ceadaithe agus riaracháin a shimpliú chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí 'ionaid ilfhreastail' agus 'sprioclimistéir' a bhunú. An gréasán leictreachais a nuachóiriú agus na nósanna imeachta chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a nascadh leis an eangach a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos saoráidí. Dlús a chur le hathchóiriú domhain ar fhoirgnimh phoiblí agus phríobháideacha agus an t-athchóiriú sin a dhreasú, aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh trí athchóiriú tithíochta le haghaidh teaghlaigh ar ioncam íseal, agus dlús a chur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus na n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*